Caibidil 9. Sraith Pictiúir

FOCLÓIR ÚSÁIDEACH

Cén Áit?

Sa bhaile	*At home*
Sa seomra codlata	*In the bedroom*
So seomra suite	*In the sitting room*
Sa chistin	*In the kitchen*
Ar scoil	*At school*
Sa seomra ranga	*In the classroom*
Sa saotharlann	*In the lab*
Sa chathair	*In the city*
Faoin tuath	*In the country*
Sa phictiúrlann	*At the cinema*
Sa dioscó	*At the disco*
Ar an bpáirc imeartha	*On the playing field*
Ar an trá	*On the beach*

Cathain?

An mhaidin atá ann	*It's morning*
An tráthnóna atá ann	*It's evening*
An iarnóin atá ann	*It's afternoon*
An oíche atá ann	*It's night*
Tá sé i lár na hoíche	*It's in the middle of the night*
Tá sé timpeall meán lae	*It's around noon*
Tá sé timpeall meán oíche	*It's around midnight*
Oíche dhubh dhorcha atá ann	*It's a dark night*

Carachtair

Fear	*Man*
Bean	*Woman*
Páiste	*Child*
Seanbhean	*Old woman*
Seanfhear	*Old man*
Scoláire	*Student*
Múinteoir	*Teacher*

Príomhoide	*Principal*
Garda	*Guard*
Gadaí	*Thief*
Bainisteoir	*Manager*
Siopadóir	*Shopkeeper*
Tá sé gléasta i...	*He is dressed in...*
Tá geansaí air	*He's wearing a jumper*

Cad atá á dhéanamh?

Tá sé ina shuí	*He's sitting*
Tá sé ina sheasamh	*He's standing*
Tá sé ina luí	*He's lying*
Tá sé ag siúl	*He's walking*
Tá sé ag ligint a scíthe	*He's relaxing*
Tá sé ag obair	*He's working*
Tá sé ag staidéar	*He's studying*
Tá sé ag ceannach	*He's buying*
Tá sé ag fáil	*He's receiving*
Tá sé ag déanamh	*He's doing*

Cad atá á rá?

Tá siad ag caint faoi...	*They are talking about*
Tá sé ag insint dó / di /dóibh	*He's telling him/ her/ them*
Insíonn sé dó / di /dóibh	*He tells him / her /them*
Tá sé ag rá go bhfuil...	*He says that...*
N'fheadar cad atá á rá acu?	*I wonder what they're saying?*

Mothúcháin

Féachann sé sásta	*He looks happy*
Féachann sé sona sásta leis féin	*He looks very happy with himself*
Féachann sé míshasta	*He looks unhappy*
Féachann sé crosta	*He looks cross*
Féachann sé feargach	*He looks angry*
Féachann sé tuirseach	*He looks tired*
Féachann sé brónach	*He looks sad*
Tá ionadh an domhain air	*He's really surprised*
Tá áthas an domhain air /uirthi	*He / she is delighted*
Tá eagla an domhain air/ uirthi	*He / she is terrified*
Tá sé ar ballchrith leis an eagla	*She's shaking with fear*

Nathanna Tábhachtacha

Is cósúil go bhfuil	*It seems / It appears that...*
Is léir go bhfuil	*It's obvious that...*
Is dócha go bhfuil	*Probably*
Feicimid go bhfuil	*We see that ...*
Sa phictiúr seo	*In this picture...*
Ar an gcéad dul síos	*Firstly...*
B'fhéidir go bhfuil	*Maybe*
Déarfainn go bhfuil	*I'd say that...*

CRANNCHUR

CD 1
RIAN 62

Pictiúr 1

Cén áit?	Tá fear ag siúl síos an tsráid sa phictiúr seo.	*A man is walking down the street.*
	Is cósúil go bhfuil sé i mbaile mór.	*It appears he's in a town.*
Cathain?	Is dócha go bhfuil sé san iarnóin.	*It's probably in the afternoon.*
An aimsir?	Feicimid go bhfuil an aimsir go breá.	*We see the weather's nice*
	Níl mórán scamall sa spéir.	*There are hardly any any clouds.*
	Níl cóta á chaitheamh ag an bhfear.	*The man's not wearing a coat.*
Carachtair	Tá an fear ag caitheamh geansaí bán agus dearg.	*He's wearing a red and white jumper.*
	Is cosúil go bhfuil an fear ag siúl go tapaidh.	*He appears to be walking quickly.*
Mothúcháin	Is cosúil go bhfuil an fear sásta agus é ag súil timpeall ar an lá breá seo.	*It appears the man is happy walking around on this fine day.*

Pictiúr 2

Cén áit?	Feicimid i bpictiúr a dó go bhfuil an fear i siopa.	*In the second picture we see the man is in a shop.*
	Siopa beag bídeach atá ann.	*It's a nice little shop.*
	Tá comhartha don Chrannchur Náisiúnta taobh thiar den chuntar.	*There's a sign for the National Lottery behind the counter.*
Carachtair	Tá an siopadóir taobh thiar den chuntar.	*The shopkeeper's behind the counter.*
	Tá geansaí laith air.	*He's wearing a grey jumper.*
Cad atá á dhéanamh?	Is cosúil go bhfuil an fear ag ceannach ticéid don Chrannchur Náisiúnta.	*It appears the man is buying a lottery ticket.*
	Tugann sé airgead don siopadóir.	*He gives money to the shopkeeper.*
	Tugann an siopadóir an ticéad dó.	*The shopkeeper gives him the ticket.*
Cad atá á rá?	Is cosúil go bhfuil an fear ag caint leis an siopadóir.	*It looks like the man's talking to the shopkeeper.*
	B'fhéidir go bhfuil siad ag caint faoin aimsir!	*Maybe they're talking about the weather!*

Pictiúr 3

Cén áit?	Tá an fear sa bhaile sa phictiúr seo.	*The man's at home in this picture.*
	B' fhéidir go bhfuil sé sa seomra suite.	*Maybe he's in the sitting room.*
Cathain?	Is dócha go bhfuil sé timpeall a hocht a chlog um thráthnóna.	*It's probably about eight in the evening.*
Cad atá á dhéanamh?	Tá an fear ag féachaint ar an teilifís.	*He's watching television.*
	Tá sé ag féachaint ar an gclár faoin gCrannchur Náisiúnta.	*He's watching a programme about the National Lottery.*
	Is cosúil go bhfuil sé ina shuí ar an tolg.	*It looks like he's sitting on the sofa.*
	Tá sé ag ligint a scíthe.	*He's relaxing.*

Pictiúr 4

Cén áit?	Sa phictiúr seo feicimid go bhfuil an fear in oifig an Chrannchuir Náisiúnta.	*In this picture we see that the man is in the National Lottery office.*
	Is cosúil go bhfuil ceiliúradh ar siúl.	*It looks like a celebration is happening.*
	Tá balún ann.	*There are balloons.*
Carachtair	Tá an fear ann lena bhean chéile.	*The man's there with his wife.*
Cad atá á dhéanamh?	Is léir go bhfuil an fear tar éis duais mhór a bhuachaint sa chrannchur.	*It's obvious that the man has won a big prize in the lottery.*
	Tá seic mór aige.	*He has a big cheque.*
Mothúcháin	Is léir go bhfuil an fear agus an bhean an-sásta ar fad!	*It's obvious the man and his wife are very happy indeed!*
	N'fheadar cad atá á rá acu?	*I wonder what they're saying?*
Cad atá á rá?	B'fhéidir go bhfuil siad ag caint faoi conas an t-airgead a chaitheamh!	*Maybe they're talking about what to do with the money!*

CD 1
RIAN 63

SA BHAILE LIOM FÉIN

Pictiúr 1

Cén áit?	Sa phictiúr seo feicimid cailín.	*In this picture we see a girl.*
	Tá sí ina suí ar tholg sa seomra suite.	*She's sitting on a sofa in the sitting room.*
Cathain	Is dócha go bhfuil an trathnóna ann.	*It's probably in the evening time.*
Carachtair	Tá gruaig fhada ag an gcailín.	*She has long hair.*
Cad atá á dhéanamh?	Tá sí ag féachaint ar an teilifís.	*She's watching television .*
	Is cosúil go bhfuil sí ina haonar.	*She appears to be alone.*
Mothúcháin	Tá sí ag ligint a scíthe.	*She's relaxing.*
	Is léir go bhfuil sí ar a suaimhneas.	*She seems to be relaxed.*
	Is cosúil go bhfuil sí deas compordach.	*She seems to be nice and comfortable.*

Pictiúr 2

Cad atá á dhéanamh?	Go tobann cloiseann an cailín rud éigin.	*Suddenly she hears something.*
	Tá sí ag éisteacht.	*She's listening.*
Mothúcháin	Is cosúil go bhfuil eagla an domhain uirthi.	*It appears she's terrified.*
	B' fhéidir go bhfuil sí ar ballchrith leis an eagla.	*Maybe she's shaking with fear.*
	Níl a fhios aici céard atá ann.	*She doesn't know what's there.*

Pictiúr 3

Cén áit?	Sa phictiúr seo tá an cailín ag doras an tí.	*In this picture the girl's at the front door.*
Aimsir	Oíche dhubh dhorcha atá ann.	*It's a dark night.*
Cad atá á dhéanamh?	Tá an cailín ag féachaint amach ar an tsráid.	*She's looking out at the street.*
	Níl aon duine ann.	*There's no one there.*
	Níl duine ná deoraí le feiceáil.	*There's not a sinner to be seen.*

Pictiúr 4

Cén áit?	B' fhéidir go bhfuil an cailín sa chistin sa phictiúr seo.	*Maybe the girl's in the kitchen in this picture.*
Cad atá á dhéanamh?	Tá an cailín ag déanamh glaoch teileafóin.	*She's making a phone call.*
	B'fhéidir go bhfuil sí ag cur glaoch ar ar na Gardaí.	*Maybe she's calling the guards.*
	B'fhéidir go bhfuil sí ag cur glaoch ar a tuismitheoirí.	*Maybe she's calling her parents.*
Cad atá á rá?	Insíonn sí leo cad atá ag tarlú.	*She's telling them what happened.*
Mothúcháin	Is léir go bhfuil eagla an domhain fós uirthi.	*It's obvious she's still terrified.*

CD 1
RIAN 64

POST PÁIRT-AIMSEARTHA



Pictiúr 1

Cén áit?	Sa phictiúr seo feicimid cailín.
Cad atá á dhéanamh?	Tá sí ina suí sa chistin.
	Tá sí ag féachaint ar nuachtán.
	Is cosúil go bhfuil sí ag féachaint ar na fógraí.
	Is léir go bhfuil sí ag iarraidh post a fháil.
Carachtair	Tá gruaig fhada ag an gcailín.
	Tá t-léine bán agus dearg aici.

Pictiúr 2

Cad atá á dhéanamh?	Sa phictiúr seo tá an cailín ag scríobh.
	Tá sí ag breathnú go géar ar an bpáipéar.
	Is cosúil go bhfuil litir iarratais á scríobh aici.

Pictiúr 3

Cén áit?	Sa phictúir seo tá an cailín in oifig.
Cad atá á dhéanamh?	Tá an cailín ag caint le fear.
	Is léir go bhfuil an fear seo ina bhainisteoir.
	Is cosúil go bhfuil agallamh ar siúl.
Carachtair	Tá an bainisteoir ag caitheamh léine agus carbhait.
	Níl a fhios agam cad atá á dhéanamh ag an gcailín.
Cad atá á rá?	Is dócha go bhfuil an cailín ag caint fúithi féin.
	B'fhéidir go bhfuil sí ag freagairt ceisteanna freisin.
Mothúcháin	Déarfainn go bhfuil sí neirbhíseach!

Pictiúr 4

Cén áit?	Feicimid siopa nó ollmhargadh sa phictiúr seo.
	Tá earraí de gach saghas ann.
	Feicimid boscaí agus cannaí stáin.
Cad atá á dhéanamh?	Tá an cailín ag obair ann.
	Tá sí ag cur earraí ar na seilfeanna.
Carachtair	Tá sí ag caitheamh aprúin.
Mothúcháin	Is dócha go bhfuil sí sásta léi féin anois toisc go bhfuil post nua aici.

SCÉAL 1

Pictiúr 1

Cén áit?	
Carachtair	
Cad atá á rá?	
Cad atá á dhéanamh?	

Pictiúr 2

Cad atá á dhéanamh?	

Pictiúr 3

Cad atá á dhéanamh?	
Cad atá á rá?	
Mothúcháin	

Pictiúr 4

Cén áit?	
Carachtair	
Cad atá á dhéanamh?	
Cad atá á rá?	
Mothúcháin	

SCÉAL 2

Pictiúr 1

Cén áit?	
Carachtair	
Cad atá á rá?	
Cad atá á dhéanamh?	
Mothúcháin	

Pictiúr 2

Cén áit?	
Carachtair	
Cad atá á rá?	
Cad atá á dhéanamh?	
Mothúcháin	

Pictiúr 3

Cén áit?	
Cad tá a dhéanamh?	
Cad atá á rá?	
Mothúcháin	

Pictiúr 4

Cén áit?	
Carachtair	
Cad atá á dhéanamh?	
Cad atá á rá?	
Mothúcháin	

SCÉAL 3